GA

GA GA

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 30.9.2010
COIM(2010) 539 leagan deireanach

2010/0267 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle lena mbunaítear comhrialacha do scéimeanna tacaíochta dírí d'fheirmeoirí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna áirithe tacaíochta d'fheirmeoirí

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Cumhachtaí chur chun feidhme an Choimisiúin i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle[1] a chomhfhogasú don idirdhealú a tugadh isteach le hAirteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) idir cumhachtaí tarmligthe an Choimisiúin agus cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin.

- **Comhthéacs ginearálta**

Déantar idirdhealú idir dhá chineál gnímh de chuid an Choimisiúin in Airteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE):

– Le hAirteagal 290 den CFAE, tugtar cead don reachtóir cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhreachtacha a ghlacadh a bhfuil feidhm ghinearálta leo le go bhforlíonfar nó go leasófar gnéithe neamhriachtanacha áirithe de ghníomh reachtach. Sa téarmaíocht atá in úsáid sa Chonradh tagraítear do ghníomhartha dlí arna nglacadh ag an gCoimisiún sa dóigh sin mar "gníomhartha tarmligthe" (Airteagal 290(3)).

– Le hAirteagal 291 den CFAE, tugtar cead do Bhallstáit gach beart dlí náisiúnta is gá a ghlacadh chun gníomhartha de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí a chur chun feidhme. Féadfar cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún leis na gníomhartha sin nuair is gá coinníollacha comhionanna chun na gníomhartha a chur chun feidhme. Sa téarmaíocht atá in úsáid sa Chonradh tagraítear do ghníomhartha dlí arna nglacadh ag an gCoimisiún sa dóigh sin mar "gníomhartha cur chun feidhme" (Airteagal 291(4)).

- **Forálacha atá ann cheana i réimse an togra**

Airteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Comhsheasmhacht le beartais agus cuspóirí eile an Aontais**

Neamhbhainteach.

### 2. COMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ TIONCHAIR

- **Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara**

[1] IO L 30, 31.1.2009, lch. 16.

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

Ní raibh aon ghá le comhairliúchán le páirtithe leasmhara ná le saineolas seachtrach toisc gur ábhar idir-institiúideach é an togra chun Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle a chomhfhogasú do Chonradh Liospóin agus bainfidh sin le gach Rialachán ón gComhairle. Maidir leis na leasuithe a bhfuil simpliú mar aidhm acu, tá raon feidhme teoranta acu agus is leasuithe de chineál teicniúil amháin iad.

- **Measúnú tionchair**

Ní gá measúnú tionchair a dhéanamh toisc gur ábhar idir-institiúideach é an togra chun Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle a chomhfhogasú do Chonradh Liospóin agus bainfidh sin le gach Rialachán ón gComhairle. Maidir leis na leasuithe a bhfuil simpliú mar aidhm acu, tá raon feidhme teoranta acu agus is leasuithe de chineál teicniúil amháin iad.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

- **Achoimre ar an ngníomhaíocht atá beartaithe**

Cumhachtaí tarmligthe agus cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle a shainaithint agus an nós imeachta comhfhreagrach a bhunú chun na gníomhartha sin a ghlacadh.

Ina theannta sin, tugtar isteach roinnt eilimintí maidir le simpliú i réimse an tras-chomhlíonta. Foráiltear freisin go bhféadfaidh na Ballstáit a shocrú nach mbeidh sé de cheangal ar fheirmeoirí gach limistéar talmhaíochta ina ngabháltas a dhearbhú má tá limistéar iomlán na talún ina ngabháltas níos lú ná aon heicteár.

- **Bunús dlí**

Airteagal 43 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Prionsabal na coimhdeachta**

Déantar inniúlachtaí maidir le beartas talmhaíochta a roinnt idir an AE agus na Ballstáit. Ciallaíonn sin fad nach ritheann an AE reachtaíocht in earnáil na talmhaíochta coimeádann na Ballstáit a n-inniúlachtaí féin. Maidir le híocaíochtaí díreacha, tá cur chuige comhphobail ann cheana agus tá údar leis chun na rialacha reatha a shimpliú.

- **Prionsabal na comhréireachta**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta.

- **Rogha ionstraimí**

An ionstraim atá beartaithe: Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Ní bheadh modhanna eile leormhaith ar an gcúis seo a leanas: ní mór Rialachán a leasú le Rialachán eile.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann aon chaiteachas breise don Chomhphobal leis an mbeart seo.

## 5. FAISNÉIS BHREISE

- **Simpliú**

Freagraíonn na leasuithe a bhaineann le tras-chomhlíonadh do shimpliú tábhachtach agus rannchuidíonn siad agus an t-ualach riaracháin atá ar na Ballstáit á laghdú.

Maidir leis an gcaoi atá beartaithe go bhféadfaidh Ballstáit feirmeoirí nach gcuireann iarratas isteach ar íocaíochtaí atá bainteach le limistéar agus nach ndéanann ach limistéir bheaga a dhearbhú (níos lú ná aon heicteár) a dhíolmhú ón gceanglas maidir le limistéir a dhearbhú, féadfar glacadh leis nach mbeidh i gceist leo siúd den chuid is mó ach táirgeoirí beostoic nach bhfuil aon talamh incháilithe acu chun iarratas a dhéanamh ar íocaíochtaí atá bainteach le limistéar. Is deacair líon na bhfeirmeoirí a d'fhéadfadh a bheith i gceist a thuar, ach féadfar glacadh leis gur líon teoranta a bheidh ann mura ligtear chun dearmaid díchúpláil leanúnach íocaíochtaí beostoic agus aistriú na n-íocaíochtaí go híocaíochtaí atá bainteach le limistéar. Mar sin féin, is ionann an leasú agus laghdú ar ualach riaracháin do roinnt Ballstát.

2010/0267 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle lena mbunaítear comhrialacha do scéimeanna tacaíochta dírí d'fheirmeoirí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna áirithe tacaíochta d'fheirmeoirí**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 42 agus d'Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach[2],

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[4],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tugann Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle[5] cumhachtaí don Choimisiún chun cuid d'fhorálacha an Rialacháin sin a chur chun feidhme.

(2) Mar thoradh ar theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, ní mór na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún faoi Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a chomhfhogasú d'Airteagal 290 agus d'Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an Conradh).

(3) Ba cheart cumhacht a bheith ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh d'fhonn eilimintí neamhriachtanacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a fhorlíonadh nó a leasú. Ba cheart na heilimintí sin a bhféadfar an chumhacht sin a fheidhmiú ina leith, chomh maith leis na coinníollacha a mbeidh an tarmligean faoina réir, a shainiú.

(4) D'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a ráthú i ngach Ballstát, ba cheart cumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh. Mura bhforáiltear a mhalairt go sonrach, ba cheart don Choimisiún na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le

---

2 IO C […], […], lch. […].
3 IO C […], […], lch. […].
4 IO C […], […], lch. […].
5 IO L 30, 31.1.2009, lch. 16.

forálacha Rialachán (AE) Uimh. XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le...

(5) Meastar go bhfuil cuid de na forálacha maidir le scéimeanna tacaíochta dírí a ghlac an Coimisiún go dtí seo faoi na cumhachtaí a tugadh dó le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 chomh tábhachtach sin gur cheart iad a áireamh sa Rialachán sin. Baineann na heilimintí sin le cuid de na rialacha mionsonraithe atá leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. 1120/2009[6], Rialachán (AE) Uimh. 1121/2009[7] agus Rialachán (AE) Uimh. 1122/2009[8] ón gCoimisiún.

(6) I bhfianaise na taithí a fuarthas agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 á chur i bhfeidhm, ba cheart cuid d'fhorálacha an Rialacháin sin a shimpliú, go háirithe maidir le ceanglais tras-chomhlíonta.

(7) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus soiléireacht is iomchuí foráil a dhéanamh do na sainmhínithe ar 'talamh arúil', 'barra buana', 'féarach buan' agus 'talamh féaraigh'.

(8) Toisc go bhfuil tionchar dearfach ag féarach buan ar an gcomhshaol, glacfar bearta chun feirmeoirí a spreagadh le féarach buan atá ann cheana a choinneáil chun tiontú ollmhór go talamh arúil a sheachaint. D'fhonn a áirithiú go ndéanann Ballstáit an cóimheas idir féarach buan agus talamh talmhaíochta atá le coinneáil a shocrú ar bhealach comhleanúnach, ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis na sonraí is gá a chinneadh chun an cóimheas sin a bhunú.

(9) D'fhonn a áirithiú go ndéanfar an córas comhairleach feirme dá bhforáiltear in Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a chur chun feidhme go héifeachtach, ionas go mbeidh córas den sórt sin infheidhme go huile is go hiomlán, féadfaidh an Coimisiún rialacha a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

(10) D'fhonn a áirithiú go bhféadtar a dheimhniú go bhfuiltear ag urramú na gceanglas tras-chomhlíonta, tá sé de cheangal ar fheirmeoirí gach limistéar talmhaíochta ina ngabháltas a dhearbhú. Tá feidhm aige sin freisin i gcás na bhfeirmeoirí nach gcuireann iarratas isteach ar aon íocaíocht dhíreach atá bainteach le limistéar agus i gcás nach bhfuil ach limistéir bheaga ar fáil dóibh. I gcásanna den sórt sin, ar mhaithe le simpliú, ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit a shocrú nach mbeidh sé de cheangal ar fheirmeoirí na limistéir sin a dhearbhú, ar choinníoll nach mbeidh limistéar iomlán an ghabháltais lena mbaineann níos mó ná aon heicteár amháin agus ar choinníoll go ndéanfar tagairt do na limistéir sin san iarratas ar chabhair.

(11) Is gá a dheimhniú go n-urramaítear oibleagáidí ar leibhéal na bhfeirmeoirí chun an tras-chomhlíonadh a chur chun feidhme go héifeachtach. Ba cheart don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh maidir leis na rialuithe a bheidh le cur i gcrích ag na Ballstáit d'fhonn a áirithiú go ndéantar na deimhnithe sin ar bhealach aonfhoirmeach agus ar leibhéal ard go leor, go háirithe maidir le roghnú na bhfeirmeacha, déanamh na seiceálacha agus tuairisciú. I gcás ina gcinneann Ballstát go dtapóidh sé an deis a mheas nach bhfuil i neamh-chomhlíonadh ach mionrud nó gan laghdú ná eisiamh a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfuil an suim lena mbaineann níos lú

---

6 IO L 316, 2.12.2009, lch. 1.
7 IO L 316, 2.12.2009, lch. 27.
8 IO L 316, 2.12.2009, lch. 65.

ná EUR 100, ba cheart don údarás rialaithe inniúil a dheimhniú, le linn na bliana ina dhiaidh sin, go nglacann an feirmeoir na bearta is gá chun an neamh-chomhlíonadh lena mbaineann a leigheas. Mar sin féin, chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart féachaint le córas na seiceálacha leantacha a shimpliú.

(12) Ní mór do na Ballstáit córas riaracháin agus rialaithe comhtháite a chur chun feidhme mar a fhoráiltear dó in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009. D'fhonn a áirithiú go gcomhlíontar eilimintí an chórais sin maidir leis na gnéithe teicniúla ar bhealach aonfhoirmeach agus ar leibhéal ard go leor, ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le gnéithe bunúsacha, sainmhínithe agus ceanglais cháilíochta a bhaineann leis an gcóras agus a eilimintí éagsúla.

(13) D'fhonn a áirithiú go ndéantar iarratais ar chabhair a riar ar bhealach comhleanúnach agus éifeachtach, ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis an iarratas ar chabhair agus maidir leis an iarratas ar theidlíochtaí íocaíochtaí. Ba cheart a áirithiú leis na gníomhartha sin go bhforáiltear do dhóthain ama agus do gach faisnéis is gá chun deimhniú na gcoinníollacha incháilitheachta a cheadú. Nuair a bhfuil údar cuí tugtha leis, ba cheart solúbthacht áirithe a thabhairt don fheirmeoir. Ina theannta sin, níor cheart do na rialacha incháilitheachta, amhail tréimhsí coimeádta ainmhithe, bac a chur le feirmeoirí a ngabháltas iomlán a aistriú i ndiaidh an t-iarratas a chur isteach ach ba cheart bac a chur le linn na tréimhse sin. Mar sin de, ba cheart na coinníollacha d'aistrithe den sórt sin a shainiú.

(14) Ba cheart na coinníollacha incháilitheachta a dhéanamh d'fhonn cistí an Aontais a chosaint. Lena dheimhniú go gcomhlíontar na n-oibleagáidí a bhaineann le híocaíocht na bhfeirmeoirí agus d'fhonn a áirithiú go ndáiltear na cistí i gceart ar na feirmeoirí atá i dteideal iad a fháil, ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis na rialuithe atá le cur i gcrích ag na Ballstáit. Nuair is iomchuí, ba cheart rialacha a leagan síos leis na gníomhartha sin freisin maidir le cásanna arb iad seirbhísí, comhlachtaí nó eagraíochtaí eile, nach ionann iad agus an t-údarás inniúil, a dhéanann na híocaíochtaí a riar.

(15) Déantar foráil in Airteagal 28 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 d'íoscheanglais atá le hurramú, ach ní iomchuí go mbeidh feidhm ag pointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 28(1) i gcás feirmeoirí atá ag fáil íocaíochtaí díreacha i gcónaí faoi scéimeanna áirithe cúpláilte ach nach bhfuil aon heicteár acu. Is ionann cás na bhfeirmeoirí sin agus cás na bhfeirmeoirí a bhfuil teidlíochtaí speisialta acu agus d'fhonn a áirithiú go bhfuil na scéimeanna cúpláilte lena mbaineann go hiomlán éifeachtach ba cheart caitheamh leis na feirmeoirí sin ar an dóigh chéanna chun críoch Airteagal 28(1) den Rialachán sin. Ina theannta sin, nuair a roghnóidh Ballstát tairseach in heicteáir mar a fhoráiltear in Airteagal 28(1)(b), ba cheart go mbeidh feirmeoirí atá ag fáil na tacaíochta sonraí dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil V, agus a bhfuil níos lú heicteár acu ná mar atá leagtha amach sa tairseach arna roghnú ag Ballstát, ba cheart go mbeidh siad faoi réir na dtairsí in Euro arna roghnú ag an mBallstát mar a fhoráiltear in Airteagal 28(1)(a).

(16) Ba cheart rialacha a shocrú maidir leis an íosmhéid in aghaidh gach gabháltais ar féidir bunú teidlíochtaí íocaíochtaí a iarraidh ina leith.

(17) D'fhonn leanúnachas an chórais um íocaíochtaí díreacha a áirithiú in imthosca eisceachtúla, ba cheart cead a thabhairt don Choimisiún bearta riachtanacha a bhfuil údar leo a ghlacadh ionas go sárófaí aon imthosca den sórt sin.

(18) D'fhonn a áirithiú go ndéanfar scéim na haoníocaíochta dá bhforáiltear i dTeideal III de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a riar ar bhealach éifeachtach, ba cheart úsáid limistéar talmhaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí neamhthalmhaíocha a shainiú.

(19) Ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit an chúltaisce náisiúnta a riar ar leibhéal réigiúnach chun eagrúchán inmheánach na mBallstát a chur san áireamh. Ba cheart rialacha a bhunú maidir le riar den sórt sin.

(20) Ba cheart rialacha sonracha a shocrú maidir le cásanna ina n-aisíocann na Ballstáit teidlíochtaí íocaíochta nár úsáideadh leis an gcúltaisce náisiúnta.

(21) Ba cheart na rialacha maidir le teorannú ar aistriú teidlíochtaí íocaíochta a oiriúniú d'fhonn cásanna aistrithe áirithe a chur san áireamh.

(22) D'fhonn a áirithiú go bhfuil na coinníollacha maidir le teidlíochtaí speisialta á gcomhlíonadh i gcónaí, ba cheart rialacha a ghlacadh maidir le haonaid bheostoic a ríomh.

(23) D'fhonn a áirithiú go gcaitear go cothrom le hoibreoirí éagsúla, ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le leithdháileadh tosaigh teidlíochtaí íocaíochta i gcás ina gcuirtear chun feidhme scéim na haoníocaíochta sna Ballstáit nua mar a fhoráiltear in Airteagal 55 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009.

(24) D'fhonn a áirithiú go gcaitear go cothrom le hoibreoirí éagsúla, ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le haonaid bheostoic a ríomh le haghaidh teidlíochtaí speisialta mar a fhoráiltear in Airteagal 44(2) de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009.

(25) D'fhonn a áirithiú go gcaitear go cothrom le hoibreoirí éagsúla, ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis na bearta tacaíochta sonracha mar a fhoráiltear in Airteagal 68 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, ar bearta iad a bhaineann le gníomhaíochtaí talmhaíochta sonracha a bhfuil buntáistí breise comhshaoil agus talmhaíochta ag baint leo, limistéir atá faoi réir clár athstruchtúraithe agus/nó cláir forbartha, agus bearta árachais i dtaobh barr, ainmhithe agus plandaí. I gcás cistí frithpháirteacha a bheith ann do ghalair ainmhithe agus planda agus do theagmhais comhshaoil, ba cheart a áireamh sna rialacha sin go háirithe fad tréimhse íosta agus uasta na n-iasachtaí trachtála atá incháilithe do ranníocaíocht airgeadais agus go bhfuil sé d'oibleagáid ar Bhallstáit tuarascáil bhliantúil a thíolacadh chuig an gCoimisiún maidir le hAirteagal 71 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a chur chun feidhme.

(26) D'fhonn a áirithiú go ndéanfar na scéimeanna cabhrach dá bhforáiltear i dTeideal IV de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a riar ar bhealach éifeachtach, is gá rialacha maidir le feidhmiú beacht na gcóras sin a bhunú.

(27) Ba cheart rialacha a bhunú maidir le haistriú ceart préimhe a theorannaú in earnáil na caoireola agus na feola gabhair.

(28) Ba cheart rialacha a bhunú maidir leis an líon íosta ainmhithe atá le dearbhú i gcás préimheanna speisialta agus i gcás préimheanna do bha diúil.

(29) Ba cheart rialacha a bhunú maidir leis na teorainneacha a bhaineann le cearta préimhe do bha diúil a aistriú.

(30) D'fhonn a áirithiú go ndéanfar na roghanna a dhéanann Ballstáit i dtaobh na n-íocaíochtaí cúpláilte a riar ar bhealach slán, ba cheart don Choimisiún na huasteorainneacha a shocrú a fhreagraíonn do scéim na haoníocaíochta, do na bearta cúpláilte laistigh den tacaíocht shonrach, don íocaíocht ar leith ar shiúcra, don íocaíocht ar leith ar thorthaí agus glasraí, don íocaíocht ar leith ar bhogthorthaí agus do na cistí ar thug na Ballstáit fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 69(6)(a).

(31) Déantar foráil in Airteagal 132 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 go bhféadfaidh Ballstáit nua aon chabhair dhíreach a íoctar le feirmeoir a chomhlánú, faoi réir údarú ón gCoimisiún. Ba cheart aon íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha a íoctar nach bhfuil i gcomhréir le húdarú ón gCoimisiúin a cháiliú mar chabhair neamhdhleathach.

(32) Tá sé riachtanach go malartaítear faisnéis idir an Coimisiún agus na Ballstáit chun na cistí a bhainistiú i gceart. Ba cheart don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha comhionanna a ghlacadh maidir le faisnéis a mhalartú. Ba cheart a chur san áireamh go háirithe rialacha maidir le cinntí arna ndéanamh ag Ballstáit a fhógairt agus maidir le staidreamh agus tuarascálacha atá le tíolacadh ag Ballstáit.

(33) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear na pointí seo a leanas le hAirteagal 2:

"(i) ciallaíonn 'talamh arúil' talamh a shaothraítear le haghaidh táirgthe barr nó a choimeádtar i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil i gcomhréir le hAirteagal 6, is cuma más faoi thithe gloine nó faoi chlúdach de chineál buan nó soghluaiste atá an talamh sin nó mura bhfuil;

(j) ciallaíonn 'barra buana' barra nach bhfuil de réir uainíochta seachas féarach buan atá ar áitiú ar feadh cúig bliana nó níos mó agus a thugann barr bliain i ndiaidh bliana, lena n-áirítear plandlanna agus garrán gearruainíochta;

(k) ciallaíonn 'féarach buan' talamh a úsáidtear chun féara nó foráiste luibheach eile a fhás go nádúrtha (féinshíolaithe) nó trí shaothrú (síolaithe) agus nár áiríodh in uainíocht bharra an ghabháltais ar feadh cúig bliana nó níos mó ná sin, amach ó limistéir a chuirtear i leataobh i gcomhréir le Rialachan (CEE) Uimh. 2078/92 ón gComhairle*, limistéir a chuirtear i leataobh i gcomhréir le hAirteagail 22, 23 agus 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 ón gComhairle** agus limistéir a chuirtear i leataobh i gcomhréir le

hAirteagal 39 de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005; agus chun na críche sin, ciallaíonn 'féara nó foráiste luibheach eile' gach planda luibheach atá le fáil go traidisiúnta i bhféaraigh nádúrtha nó a áirítear de ghnáth i meascáin de shíolta le haghaidh féarach nó móinéar sa Bhallstát (cé acu a chuirtear ainmhithe orthu nó nach gcuirtear). Féadfaidh Ballstáit barra curaíochta a áireamh faoi mar a shainíonn an Coimisiún iad;

(l) ciallaíonn 'talamh féaraigh' talamh arúil a úsáidtear le féar a tháirgeadh (féar síolaithe nó féar nádúrtha); áireofar féarach buan i dtalamh féaraigh.

* IO L 215, 30.7.1992, lch. 85.

** IO L 160, 26.6.1999, lch. 80."

(2) Cuirtear isteach Airteagal 2a mar seo a leanas:

"Airteagal 2a

**Leasú ar Iarscríbhinn I**

D'fhonn reachtaíocht nua a d'fhéadfadh a bheith riachtanach amach anseo a chur san áireamh, leasóidh an Coimisiún Iarscríbhinn I trí ghníomh tarmligthe."

(3) Cuirtear na míreanna seo a leanas le hAirteagal 6:

"3. D'fhonn a áirithiú go nglacfar bearta chun an talamh faoi fhéarach buan a choimeád ar leibhéal na bhfeirmeoirí, glacfaidh an Coimisiún forálacha, trí ghníomhartha tarmligthe, lena n-áireofar oibleagáidí aonair ar leibhéal na bhfeirmeoirí nach mór a urramú i gcás ina suitear go bhfuil an chuid den talamh atá faoi fhéarach buan ag dul i laghad."

4. Glacfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, na modhanna chun an cóimheas idir féarach buan agus talamh talmhaíochta atá le coimeád a chinneadh."

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 d'Airteagal 8:

"2. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na huasteorainneacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV, trí ghníomhartha cur chun feidhme, d'fhonn na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

(a) mionathruithe ar líon iomlán na n-uasmhéideanna d'íocaíochtaí díreacha a d'fhéadfaí a dheonú;

(b) mionathruithe ar an gcóras modhnaithe dheonaigh dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 378/2007;

(c) athruithe struchtúracha ar na gabháltais;

(d) aistrithe chuig an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) i gcomhréir le hAirteagal 136 den Rialachán seo."

(5) Leasaítear Airteagal 9 mar seo a leanas:

(a) Sa chéad fhomhír de mhír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhléirithí:

"Leithdháilfear na méideanna a fhreagraíonn d'aon phointe céatadáin ar na Ballstáit i gcás méideanna comhfhreagracha a bheith curtha ar fáil. Leithdháilfidh an Coimisiún na méideanna a fhreagraíonn do laghdú de cheithre phointe céatadáin i measc na mBallstát lena mbaineann trí ghníomh cur chun feidhme ar bhonn na gcritéar seo a leanas: "

(b) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 3:

"D'fhonn reachtaíocht nua a d'fhéadfadh a bheith riachtanach amach anseo a chur san áireamh, leasóidh an Coimisiún Iarscríbhinn V trí ghníomh tarmligthe."

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Déanfar an méid iarmhair a leanann ó Airteagal 7(1) a chur i bhfeidhm agus na méideanna a leanann ó Airteagal 7(2) a chur i bhfeidhm a leithdháileadh ar an mBallstát i gcás na meideanna comhfhreagracha a bheith curtha ar fáil ag an gCoimisiún trí ghníomhartha cur chun feidhme. Úsáidfear iad i gcomhréir le hAirteagal 69(5a) de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005."

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 d'Airteagal 10:

"3. Déanfar aon mhéid a leanann ó Airteagal 7(1) agus (2) a chur i bhfeidhm a leithdháileadh ar an mBallstát nua i gcás na meideanna comhfhreagracha a bheith ginte ag an gCoimisiún trí ghníomhartha cur chun feidhme. Úsáidfear na méideanna sin i gcomhréir le hAirteagal 69(5a) de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005."

(7) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas le Caibidil 2 de Theideal II:

"Airteagal 11a

**Tarmligean cumhachtaí chuig an gCoimisiún**

1. D'fhonn modhnú agus smacht airgeadais a chur chun feidhme ar bhealach comhchuibhithe, féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha tarmligthe, rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir leis an mbonn le laghduithe a ríomh a chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm ar na feirmeoirí maidir le modhnú agus smacht airgeadais mar a fhoráiltear in Airteagail 9, 10 agus 11.

2. D'fhonn an leithdháileadh dá dtagraítear in Airteagal 9(2) a áirithiú, déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha tarmligthe, na critéir a leagan síos maidir le leithdháileadh na méideanna arna gcur ar fáil trí mhodhnú a chur i bhfeidhm."

(8) Cuirtear na míreanna seo a leanas le hAirteagal 12:

"5. D'fhonn feidhmiú ceart an chórais comhairligh feirme a ráthú, féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha tarmligthe, forálacha a ghlacadh a bhfuil mar aidhm acu go mbeidh an córas sin ag feidhmiú go huile is go hiomlán. Féadfaidh na forálacha sin a bheith bainteach le raon feidhme an chórais chomhairligh feirme agus leis na critéir inrochtaineachta d'fheirmeoirí, i measc nithe eile.

6. Féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh chun an córas comhairleach feirme a chur chun feidhme go haonfhoirmeach."

(9) Cuirtear na fomhíreanna seo a leanas le hAirteagal 19(1):

"Déanfaidh gach Ballstát an t-íosmhéid a chinneadh maidir le dáileachtaí talmhaíochta ar féidir iarratas a dhéanamh ina leith. Mar sin féin, ní féidir leis an íosmhéid sin a bheith níos mó ná 0.3 heicteár.

De mhaolú ar phointe (a) den chéad fhomhír, maidir le feirmeoir nach gcuireann iarratas isteach ar íocaíocht atá bunaithe ar limistéar, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach gá d'fheirmeoir mar sin a chuid dáileachtaí talmhaíochta uile a dhearbhú i gcás nach mó ná aon heicteár amháin limistéar iomlán na ndáileachtaí sin. Cuirfidh an feirmeoir in iúl ina iarratas, áfach, go bhfuil dáileachtaí talmhaíochta faoina réir aige agus, arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla, cuirfidh sé suíomh na ndáileachtaí lena mbaineann in iúl."

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 d'Airteagal 21:

"1. Gan dochar d'aon laghdú nó d'aon eisiamh dá bhforáiltear in Airteagal 23, nuair a fheictear nach gcomhlíonann feirmeoir na coinníollacha incháilitheachta a bhaineann le cabhair a dheonú mar a fhoráiltear sa Rialachán seo, beidh an íocaíocht a deonaíodh nó a dheonófar agus dá bhfuil na coinníollacha incháilitheachta comhlíonta, nó cuid den íocaíocht sin, faoi réir laghduithe agus eisiaimh."

(11) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 22:

"3. Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh maidir le rialuithe agus seiceálacha a dhéanamh le deimhniú go bhfuil na hoibleagáidí dá dtagraítear i gCaibidil 1 á gcomhlíonadh."

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 d'Airteagal 23:

"2. D'ainneoin mhír 1 agus i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sna rialacha dá dtagraítear in Airteagal 27a(5), féadfaidh Ballstáit a chinneadh nach gcuirfear laghdú ná eisiamh de EUR 100 nó níos lú i bhfeidhm a bheidh níos lú ná EUR 100 maidir le gach feirmeoir in aghaidh na bliana féilire.

I gcás ina gcinneann Ballstát an rogha dá bhforáiltear sa chéad fhomhír a úsáid, glacfaidh an t-údarás inniúil, an bhliain dar gcionn, na gníomhaíochtaí is gá le deimhniú go ndéanfaidh an feirmeoir an neamh-chomhlíonadh lena mbaineann

a leigheas. Cuirfear in iúl don fheirmeoir go bhfuarthas neamh-chomhlíonadh agus go bhfuil sé d'oibleagáid air gníomhaíocht feabhais a ghlacadh."

(13) Leasaítear Airteagal 24 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Maidir le laghduithe agus eisiaimh a ríomh, cuirfear san áireamh a dhéine, a fhorleithne agus a bhuaine atá an neamh-chomhlíonadh a fuarthas agus má rinneadh níos mó ná huair amháin. Cuirfear na critéir atá leagtha amach i mír 2, mír 3 agus mír 4 san áireamh agus na laghduithe agus na heisiaimh sin a ríomh freisin."

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír de mhír 2:

"Ach amháin má ghlacann an feirmeoir gníomhaíocht feabhais láithreach a chuireann deireadh leis an neamh-chomhlíonadh a fuarthas, glacfaidh an t-údarás inniúil na gníomhaíochtaí is gá agus féadfar na gníomhaíochtaí sin a theorannú do rialú riaracháin, nuair is iomchuí, le deimhniú go ndéanfaidh an feirmeoir an neamh-chomhlíonadh lena mbaineann a leigheas. Cuirfear in iúl don fheirmeoir má fhaightear mion-neamhchomhlíonadh agus go bhfuil sé d'oibleagáid air gníomhaíocht feabhais a ghlacadh."

(14) Cuirtear na hAirteagail seo a leanas le Caibidil 4 de Theideal II:

"Airteagal 27a

**Cumhachtaí a tharmligean chuig an gCoimisiún**

1. D'fhonn a áirithiú go ndáiltear na cistí i gceart ar na feirmeoirí atá i dteideal iad a fháil agus d'fhonn a áirithiú go gcuirtear an córas comhtháite riaracháin agus rialaithe dá bhforáiltear sa Chaibidil seo chun feidhme ar bhealach éifeachtúil, comhleanúnach agus neamh-idirdhealaitheach a chosnaíonn leas airgeadais an Aontais, féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha tarmligthe, iad seo a leanas a ghlacadh:

(a) na sainmhínithe sonracha is gá chun cur chun feidhme comhchuibhithe an chórais chomhtháite a áirithiú;

(b) na forálacha is gá chun sainmhíniú comhchuibhithe a thabhairt ar an mbonn le cabhair a ríomh, lena n-áireofar rialacha maidir le cad é mar a dhéileáiltear le cásanna áirithe ina bhfuil gnéithe tírdhreacha nó crainn sna limistéir incháilithe;

(c) rialacha chun cearta an fheirmeora a chosaint i gcásanna fhoiche Dé agus in imthosca eisceachtúla laistigh de bhrí Airteagal 31;

(d) rialacha chun bonn comhchuibhithe a áirithiú maidir le laghduithe a ríomh ar laghduithe iad atá ann mar thoradh ar thras-chomhlíonadh, lena n-áireofar freisin laghduithe atá ann mar thoradh ar mhodhnú agus ar smacht airgeadais;

(e) rialacha maidir le haon bhearta breise atá le glacadh ag na Ballstáit chun an Chaibidil seo a chur i bhfeidhm i gceart agus chun socruithe a dhéanamh i dtaobh aon chúnaimh fhrithpháirtigh is gá idir Ballstáit.

2. D'fhonn a áirithiú go ndáiltear na cistí i gceart ar na feirmeoirí atá i dteideal iad a fháil maidir leis na hiarratais ar chabhair dá bhforáiltear in Airteagal 19 agus chun go bhféadfar a dheimhniú go gcomhlíonann na feirmeoirí na hoibleagáidí a bhaineann leis na hiarratais sin, déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha tarmligthe, iad seo a leanas a leagan síos:

(a) rialacha maidir le híosmhéid na ndáileachtaí talmhaíochta atá le dearbhú d'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú do na feirmeoirí agus do na húdaráis;

(b) maolú ar Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle* chun cearta an fheirmeora ar íocaíochtaí a chosaint i gcás ina bhfuil an dáta deiridh chun iarratais nó leasuithe a chur isteach ar shaoire phoiblí, ar an Satharn nó ar an Domhnach;

(c) i gcás iarratais ar íocaíocht nó ar leithdháileadh teidlíochtaí a chur isteach go mall, leagfar síos an mhoill agus na laghduithe is mó i gcás moille den sórt sin.

3. D'fhonn a áirithiú go ndéantar na coinníollacha incháilitheachta dá bhforáiltear in Airteagal 20 a dheimhniú ar bhealach éifeachtúil, comhleanúnach agus neamh-idirdhealaitheach a chosnaíonn leas airgeadais an Aontais, glacfaidh an Coimisiún forálacha, trí ghníomhartha tarmligthe, go háirithe i gcás ina gcuireann an feirmeoir cosc le rialú éigin a dhéanamh.

4. D'fhonn a áirithiú go ndéantar laghduithe agus eisiaimh a ríomh agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an bprionsabal atá leagtha síos in Airteagal 21 ar bhealach éifeachtúil, comhleanúnach agus neamh-idirdhealaitheach a chosnaíonn leas airgeadais an Aontais, glacfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha tarmligthe, iad seo a leanas:

(a) forálacha maidir le laghduithe agus eisiaimh i ndáil le cirte agus comhláine na faisnéise san iarratas, amhail ródhearbhú limistéar nó ainmhithe nó gan limistéir a dhearbhú, agus forálacha d'fhonn a áirithiú go gcaitear le neamhrialtachtaí intinniúla, cásanna mionearráidí, carnadh laghduithe agus cur i bhfeidhm comhuaineach laghduithe éagsúla ar bhealach comhchuibhithe agus comhréireach, chomh maith le forálacha sonracha maidir le cuspóir na mbeart arna gcur chun feidhme faoi Airteagal 68;

(b) rialacha a fhorálann nach mbeidh feidhm ag laghduithe i gcásanna áirithe, rud a áirithíonn comhréireacht agus laghduithe á gcur i bhfeidhm.

5. D'fhonn a áirithiú go ndéantar tras-chomhlíonadh ar bhealach éifeachtúil, comhleanúnach agus neamh-idirdhealaitheach, féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha tarmligthe, rialacha a ghlacadh maidir le laghduithe a ríomh agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na prionsabail atá

leagtha síos in Airteagal 23 agus Airteagal 24, lena n-áireofar rialacha maidir le gan feidhm a bheith ag laghduithe i gcásanna áirithe.

Airteagal 27b

**Rialacha cur chun feidhme**

Chun críoch an Chaibidil seo a chur chun feidhme go haonfhoirmeach, déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, iad seo a leanas a leagan síos:

(a) na bunghnéithe, bun-sainmhínithe agus buncheanglais cháilíochta is gá chun céannacht gach feirmeora a chuireann isteach iarratas ar chabhair dá bhforáiltear in Airteagal 15 a thaifeadadh sa chóras comhtháite;

(b) na bunghnéithe, bun-sainmhínithe agus buncheanglais cháilíochta don bhunachar sonraí ríomhairithe dá bhforáiltear in Airteagal 16;

(c) na bunghnéithe, bun-sainmhínithe agus buncheanglais cháilíochta don chóras aitheantais maidir le dáileachtaí talmhaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 17;

(d) na bunghnéithe, bun-sainmhínithe agus buncheanglais cháilíochta don chóras um theidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú dá bhforáiltear in Airteagal 18;

(e) rialacha maidir leis an iarratas ar chabhair agus an t-iarratas ar theidlíochtaí íocaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 19, lena n-áireofar an dáta deiridh chun iarratais a chur isteach, na ceanglais maidir leis an íosmhéid faisnéise atá le háireamh san iarratas, forálacha maidir le leasuithe nó maidir le hiarratais ar chabhair a aistarraingt, díolúine ón ngá le hiarratas ar chabhair a chur isteach, agus forálacha a ligeann do na Ballstáit nósanna imeachta simplithe a chur i bhfeidhm nó a ligeann dóibh earráidí soiléire a cheartú;

(f) rialacha maidir le seiceálacha a dhéanamh d'fhonn a dheimhniú go gcomhlíontar oibleagáidí agus cirte agus comhláine na faisnéise a chuirtear ar fáil san iarratas ar chabhair. Maidir le cnáib, áireofar go háirithe rialacha mionsonraithe a bhaineann leis na bearta sonracha rialaithe agus modhanna chun leibhéil teitrihidreacannaibionóil a chinneadh, agus maidir le cadás, áireofar córas chun na heagraíochtaí formheasta idirchraoibhe a rialú;

(g) maidir le cnáib; rialacha a bhaineann leis na bearta sonracha rialaithe agus modhanna chun leibhéil treitrihidreacannaibionóil a chinneadh;

(h) maidir le cadás; córas chun na heagraíochtaí formheasta idirchraoibhe a rialú;

(i) rialacha maidir le cabhair a íocadh go míchuí agus teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh go míchuí a ghnóthú;

(j) na sainmhínithe teicniúla is gá chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme go haonfhoirmeach;

(k) forálacha maidir le cásanna ina n-aistrítear gabháltais nuair a aistrítear aon oibleagáid nach bhfuil comhlíonta go fóill a bhaineann le hincháilitheacht don chabhair i gceist;

*IO L 124, 8.6.1971, lch. 1."

(15) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír d'Airteagal 28(1):

"Maidir le feirmeoirí a bhfuil teidlíochtaí speisialta dá dtagraítear in Airteagal 44(1) acu nó feirmeoirí a fhaigheann préimheanna le haghaidh caorach agus gabhar dá dtagraítear i Roinn 10 de Chaibidil 1 de Theideal IV nó a fhaigheann an íocaíocht ar mhairteoil agus ar laofheoil dá dtagraítear i Roinn 11 de Chaibidil 1 de Theideal IV nó feirmeoirí a fhaigheann tacaíocht shonrach dá dtagraítear i gCaibidil 5 de Theideal III agus a bhfuil níos lú heicteáir acu ná mar atá sa tairseach arna roghnú ag Ballstát nuair a chuirtear pointe (b) den chéad fhomhír i bhfeidhm, beidh feirmeoirí den sórt sin faoi réir an choinníll dá dtagraítear i bpointe (a) de chéad fhomhír na míre seo."

(16) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4 d'Airteagal 29:

"4. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme:

(a) foráil a dhéanamh do réamhíocaíochtaí;

(b) na Ballstáit a údarú, faoi réir an choir bhuiséadaigh, chun réamhíocaíochtaí den sórt seo a leanas a íoc roimh an 1 Nollaig i réigiúin ina bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha airgeadais os comhair feirmeoirí de dheasca coinníollacha eisceachtúla:

(i) réamhíocaíochtaí chomh hard le 50% de na híocaíochtaí

nó

(ii) réamhíocaíochtaí chomh hard le 80% de na híocaíochtaí i gcás ina ndearnadh foráil do réamhíocaíochtaí cheana.

Féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh a bhaineann le híoc na réamhíocaíochtaí sin."

(17) Cuirtear isteach Airteagal 31*a* mar seo a leanas:

"Airteagal 31a

**Rialacha cur chun feidhme**

Féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, bearta a ghlacadh atá riachtanach agus a bhfuil údar cuí tugtha leo chun fadhbanna praiticiúla agus sonracha a réiteach i gcás práinne; féadfar maolú sna bearta sin ar

chodanna áirithe den Rialachán seo, ach ní fhéadfar sin a dhéanamh ach fad atá fíorghá leis agus ar feadh tréimhse a bhfuil fíorghá léi."

(18) Cuirtear na míreanna seo a leanas le hAirteagal 33:

"4. Féadfaidh Ballstát a chinneadh íosmhéid a shocrú do na gabháltais uile maidir leis an limistéar talmhaíochta dá bhféadfar bunú teidlíochtaí íocaíochta a iarraidh. Mar sin féin, ní bheidh an t-íosmhéid níos airde ná na teorainneacha atá leagtha síos faoi phointe (b) den chéad fhomhír i gcomhar leis an dara fomhír d'Airteagal 28(1). Ní shocrófar íosmhéid le haghaidh bhunú na dteidlíochtaí speisialta dá dtagraítear in Airteagal 60 agus in Airteagal 65.

5. D'fhonn reachtaíocht nua a d'fhéadfadh a bheith riachtanach amach anseo a chur san áireamh, leasóidh an Coimisiún Iarscríbhinn IX trí ghníomh tarmligthe.

6. Glacfaidh an Coimisiún rialacha, trí ghníomhartha cur chun feidhme, maidir le hiarratas ar thacaíocht sa bhliain ina leithdháiltear teidlíochtaí i gcás nach bhfuil na teidlíochtaí bunaithe go cinntitheach go fóill agus i gcás tionchar a bheith ag imthosca sonracha ar an leithdháileadh, agus glacfaidh sé uasteorainn freisin maidir le scéim na haoníocaíochta dá dtagraítear sa Teideal seo."

(19) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír d'Airteagal 34(2):

"I gcás ina n-úsáidtear limistéar talmhaíochta de chuid gabháltais le haghaidh gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír nach mbaineann le talmhaíocht, measfar go n-úsáidtear an limistéar sin go príomha do ghníomhaíochtaí talmhaíochta mura gcuireann déine, nádúr, fad agus uainiú na gníomhaíochta neamhthalmhaíochta isteach go mór ar fheidhmiú na gníomhaíochta talmhaíochta. Bunóidh Ballstáit critéir maidir le cur chun feidhme na fomhíre seo ina gcríoch féin."

(20) Scriostar an dara habairt d'Airteagal 36

(21) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír d'Airteagal 38:

"I gcás ina gcuirtear comhtháthú siar, féadfaidh Ballstáit a chinneadh go gceadófar barra tánaisteacha a shaothrú ar na heicteáir incháilithe ar feadh tréimhse nach mó ná trí mhí a thosóidh gach bliain ar an 15 Lúnasa. Féadfar an dáta seo a athrú, áfach, arna iarraidh sin do Bhallstát, trí ghníomhartha cur chun feidhme, maidir le réigiúin inar gnách gránach a bhaint níos luaithe mar gheall ar chúiseanna aeráide."

(22) Scriostar mír 2 d'Airteagal 39.

(23) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír d'Airteagal 40(1):

"I gcás ina leithdháiltear teidlíochtaí íocaíochta ar shaothróirí fíona, déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, na huasteorainneacha náisiúnta atá socruithe in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialáchan seo a oiriúniú, agus cuirfear san áireamh na sonraí is deireanaí arna gcur ar fáil dó ag

na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 103o agus leis an dara fomhír d'Airteagal 188a(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007. Faoin 1 Nollaig sa bhliain sula ndéanfar na huasteorainneacha náisiúnta a oiriúnú, cuirfidh Ballstáit in iúl don Choimisiún meán réigiúnach luach na dteidlíochtaí dá dtagraítear i bpointe B d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo."

(24) Leasaítear Airteagal 41 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear na fomhíreanna seo a leanas le mír 1:

"Féadfaidh Ballstáit an chúltaisce náisiúnta a riar ar leibhéal réigiúnach. Sa chás sin, déanfaidh Ballstáit na suimeanna uile atá ar fáil ar leibhéal náisiúnta nó roinnt dóibh a leithdháileadh ar an leibhéal réigiúnach, i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha agus ar bhealach a áiritheoidh go gcaitear go cothrom le feirmeoirí éagsúla agus go seachnófar saobhadh ar an margadh agus ar an iomaíocht.

Féadfar a mheas nach féidir na suimeanna a leithdháiltear ar gach leibhéal réigiúnach a leithdháileadh ach amháin laistigh den réigiún lena mbaineann, seachas nuair a chuirtear mír 4 nó mír 2 i bhfeidhm, de réir mar a roghnóidh an Ballstát."

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Úsáidfidh Ballstáit an chúltaisce náisiúnta chun teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh ar fheirmeoirí i gcás speisialta i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus ar bhealach a áiritheoidh go gcaitear go cothrom le feirmeoirí éagsúla agus go seachnófar saobhadh ar an margadh agus ar an iomaíocht."

(c) Cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"7. Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh maidir le teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh i gcás ina bhfuil an feirmeoir i dteideal teidlíochtaí a fháil de bhua rialaithe chinntithigh cúirte nó de bhua gnímh chinntithigh riaracháin de chuid údaráis inniúil Ballstáit."

(25) Cuirtear na míreanna seo a leanas le hAirteagal 42:

"Féadfaidh feirmeoirí teidlíochtaí íocaíochta a fhágáil go deonach ag an gcúltaisce náisiúnta.

Glacfaidh an Coimisiún bearta maidir le teidlíochtaí íocaíochta nár úsáideadh a aisíoc leis an gcúltaisce náisiúnta trí ghníomhartha cur chun feidhme."

(26) Leasaítear Airteagal 43 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 1:

"Ní bheidh feidhm ag an teorannú ar aistriú teidlíochtaí íocaíochta dá dtagraítear sa tríú fomhír i gcás ina bhfaightear teidlíochtaí íocaíochta le hoidhreacht nó ina bhfuiltear ag tnúth le hiad a fháil le hoidhreacht gan líon coibhéiseach heicteár incháilithe a bheith ann."

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I gcás ina ndíoltar teidlíochtaí íocaíochta, le talamh nó gan talamh, féadfaidh Ballstáit a chinneadh, ag gníomhú dóibh i gcomhréir le prionsabail ghinearálta dlí an Aontais, go n-aisíocfar cuid de na teidlíochtaí íocaíochta a díoladh leis an gcúltaisce náisiúnta nó go laghdófar a luach aonaid i bhfabhar na cúltaisce náisiúnta, i gcomhréir le critéir a shainmhíneoidh an Coimisiún trí ghníomhartha cur chun feidhme.

I gcás ina ndíoltar teidlíochtaí íocaíochta, le talamh nó gan talamh, go feirmeoir a thosaíonn a ghníomhaíocht talmhaíochta agus i gcás ina bhfaightear teidlíochtaí íocaíochta le hoidhreacht nó ina bhfuiltear ag tnúth le hiad a fháil le hoidhreacht, ní bheidh feidhm ag aon choinneáil."

(c) Cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"4. Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh maidir le coinníollacha sonracha a bhaineann le haistriú teidlíochtaí íocaíochta, agus an nós imeachta atá le leanúint ag Ballstáit i gcás den sórt sin, agus, chun críoch Airteagal 62(3), rialacha maidir le céatadán na dteidlíochtaí íocaíochta atá úsáidte ag an bhfeirmeoir a ríomh agus feidhm na dteidlíochtaí sin. Féadfar go gcumhdófar aistrithe teidlíochtaí leis na rialacha sin freisin má úsáideann Ballstáit an rogha dá bhforáiltear sa tríú fomhír de mhír 1 agus má dhéantar luach na dteidlíochtaí íocaíochta a choinneáil i gcás ina ndíoltar an teidlíocht dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 3."

(27) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 44:

"4. Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh maidir le haonaid bheostoic a ríomh chun críoch teidlíochtaí speisialta agus chun teidlíochtaí speisialta a ghníomhachtú."

(28) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas le Caibidil 1 de Theideal III:

"Airteagal 45a

**Cumhachtaí a tharmligean chuig an gCoimisiún**

1. D'fhonn a ráthú go gcosnaítear cearta tairbhithe, déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha tarmligthe, iad seo a leanas a leagan síos:

(a) rialacha maidir le hincháilitheacht scéim na haoníocaíochta d'fheirmeoir agus maidir le rochtain ar an scéim sin, lena n-áireofar cásanna oidhreachta iarbhír agus oidhreachta ionchais, nó cásanna oidhreachta faoi léas, cásanna ina n-athraítear stádas dlíthiúil nó ainmníocht agus i gcás an gabháltas a chumasc nó a scoilt;

(b) rialacha maidir le luach aonaid teidlíochtaí íocaíochta a ríomh agus maidir le teidlíochtaí íocaíochta a mhodhnú, go háirithe i gcás codán de theidlíochtaí;

(c) sainmhínithe sonracha, chun críoch Airteagal 41(2), le haghaidh feirmeoirí a thosaíonn a ngníomhaíocht talmhaíochta;

(d) rialacha maidir le luach agus líon na dteidlíochtaí íocaíochta a bhunú agus a ríomh nó maidir le méadú ar luach na dteidlíochtaí arna bhfáil ón gcúltaisce náisiúnta;

(e) rialacha maidir le teidlíochtaí íocaíochta ón gcúltaisce a leithdháileadh ar fheirmeoirí a dhearbhaíonn níos lú heicteár ná líon na heicteár a fhreagraíonn do theidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh orthu i gcomhréir le hAirteagal 43 agus Airteagal 59 de Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 i gcás ina n-úsáideann an Ballstát an rogha dá bhforáiltear in Airteagal 41(3);

(f) rialacha lena sainmhínítear na cásanna speisialta dá dtagraítear in Airteagal 41(4) agus rialacha maidir le rochtain feirmeoirí i gcásanna speisialta den sórt sin ar theidlíochtaí íocaíochta ón gcúltaisce náisiúnta.

2. D'fhonn a áirithiú go mbainistítear teidlíochtaí íocaíochta i gceart, glacfaidh an Coimisiún rialacha maidir le teidlíochtaí íocaíochta a dhearbhú agus a úsáid, trí ghníomh tarmligthe.

3. D'fhonn cásanna sonracha a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus scéim na haoníocaíochta á cur i bhfeidhm a shoiléiriú, déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha tarmligthe, iad seo a leanas a ghlacadh:

(a) rialacha maidir leis an sainmhíniú i reachtaíocht náisiúnta ar 'oidhreacht' agus ar 'oidhreacht ionchais';

(b) rialacha maidir le luach agus líon na dteidlíochtaí a ríomh nó maidir le méadú ar theidlíochtaí a ríomh i ndáil leis na teidlíochtaí a leithdháileadh faoi aon fhoráil den Teideal seo, lena n-áireofar go bhféadfaidh luach nó líon sealadach teidlíochtaí nó méadú sealadach ar theidlíochtaí a bheith ann a leithdháiltear ar bhonn an iarratais ón bhfeirmeoir, na coinníollacha maidir le luach agus líon sealadach agus cinntitheach na dteidlíochtaí a bhunú agus forálacha maidir le cásanna ina bhféadfaidh díol nó léasú conartha difear a dhéanamh do leithdháileadh teidlíochtaí.

4. D'fhonn comhtháthú iarchurtha torthaí agus glasraí a eascú isteach i scéim na haoníocaíochta, déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha tarmligthe, rialacha a ghlacadh lena bhforáiltear go bhféadfar saothrú barr tánaisteach a cheadú ar heicteáir incháilithe Ballstát a d'úsáid ceann de na roghanna atá leagtha amach sa tríú fomhír d'Airteagal 51(1);

5. D'fhonn liosta cineálacha cnáibe atá incháilithe d'íocaíochtaí díreacha a bhunú agus d'fhonn sláinte phoiblí a chosaint, déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha tarmligthe, rialacha a ghlacadh lena mbeidh deonú íocaíochtaí faoi réir úsáid síolta deimhnithe cineálacha áirithe agus lena ndéantar foráil don nós imeachta chun cineálacha cnáibe a chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 39."

(29) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 51(2):

"Ar bhonn rogha arna déanamh ag gach Ballstát, déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, uasteorainn a chinneadh do gach ceann de na híocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 52, Airteagal 53 agus Airteagal 54."

(30) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas le Caibidil 2 de Theideal III:

"Airteagal 54a

**Cumhachtaí a tharmligean chuig an gCoimisiún**

D'fhonn sainiúlachtaí na n-earnálacha lena mbaineann a chur san áireamh, déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha tarmligthe, rialacha a ghlacadh maidir le teidlíochtaí íocaíochta a bhunú agus a ríomh agus maidir leis na roghanna dá bhforáiltear sa Chaibidil seo."

(31) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 d'Airteagal 57:

"2. Úsáidfidh na Ballstáit nua an chúltaisce náisiúnta chun teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh ar fheirmeoirí i gcás speisialta i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus ar bhealach a áiritheoidh go gcaitear go cothrom le feirmeoirí éagsúla agus go seachnófar saobhadh ar an margadh agus ar an iomaíocht."

(32) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 59:

"4. Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá a ghlacadh maidir le coinníollacha a bhaineann le feirmeoirí incháilithe a aithint, le líon na heicteár a bhunú go sealadach agus le réamhdheimhniú na gcoinníollacha don iarratas."

(33) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 60:

"Glacfaidh an Coimisiún rialacha, trí ghníomhartha cur chun feidhme, maidir leis an ngníomhaíocht talmhaíochta ráite in aonaid bheostoic dá dtagraítear in Airteagal 44(2)(a) a ríomh agus leis an íosmhéid gníomhaíochta talmhaíochta i mBallstáit nua dá dtagraítear in Airteagal 44(2)(b) a sheiceáil/a dheimhniú."

(34) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 62(3):

Glacfaidh an Coimisiún na bearta is gá maidir le céatadán na dteidlíochtaí íocaíochta atá in úsáid ag an bhfeoirmeoir a ríomh, trí ghníomhartha cur chun feidhme."

(35) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas le Caibidil 3 de Theideal III:

"Airteagal 62a

**Cumhachtaí a tharmligean chuig an gCoimisiún**

1. Ionas go ndéanfaidh na Ballstáit na teidlíochtaí a riaradh go héifeachtúil, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe,

rialacha a ghlacadh maidir le leithdháileadh tosaigh teidlíochtaí íocaíochta i gcás ina gcuirtear chun feidhme scéim na haoníocaíochta sna Ballstáit nua a bhfuil an scéim íocaíochta aonair limistéir curtha i bhfeidhm acu.

2. D'fhonn oiriúnú don staid atá ag athrú in earnáil na talmhaíochta, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha maidir le tréimhse ionadaíoch a ghlacadh chun críche Airteagal 57(3) agus Airteagal 59(3).

3. D'fhonn riaradh éifeachtúil na dteidlíochtaí íocaíochta a áirithiú, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha a ghlacadh maidir le bunú agus ríomh luach agus líon na dteidlíochtaí íocaíochta nó méadú luach na dteidlíochtaí arna bhfáil ón gcúltaisce náisiúnta faoin gCaibidil seo agus na roghanna a thugtar inti.

4. D'fhonn cosaint chearta na dtairbhithe a ráthú, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, an méid seo a leanas:

(a) rialacha maidir le leithdháileadh na dteidlíochtaí íocaíochta ón gcúltaisce náisiúnta ar fheirmeoirí a dhearbhaíonn níos lú heicteár ná líon na heicteár a fhreagraíonn do theidlíochtaí íocaíochta a bhíothas tar éis a leithdháileadh orthu i gcomhréir le hAirteagal 43 agus Airteagal 59 de Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 i gcás ina n-úsáideann an Ballstát, atá tar éis an scéim íocaíochta aonair limistéir a chur i bhfeidhm, an rogha dá bhforáiltear in Airteagal 57(5) den Rialachán seo;

(b) rialacha lena sainmhínítear na cásanna speisialta dá dtagraítear in Airteagal 57(2) agus rialacha maidir le rochtain feirmeoirí i gcásanna speisialta den sórt sin ar theidlíochtaí íocaíochta ón gcúltaisce náisiúnta faoin gCaibidil seo."

(36) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 d'Airteagal 67:

"1. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, faoin 1 Lúnasa 2009, an chabhair le haghaidh síolta dá dtagraítear i Roinn 5 de Theideal IV agus na scéimeanna dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn XI, cé is moite den phréimh shonrach cháilíochta le haghaidh cruithneachta dúraim, a chomhtháthú i scéim na haoníocaíochta in 2010 nó 2011. Sa chás sin, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, na huasteorainneacha náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 40 a choigeartú trí na méideanna ó Iarscríbhinn XII le haghaidh na scéime cabhrach lena mbaineann a chur leo."

(37) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas le Caibidil 4 de Theideal III:

"Airteagal 67a

**Tarmligean cumhachtaí chuig an gCoimisiún**

D'fhonn comhtháthú na n-íocaíochtaí cúpláilte arna liostú in Iarscríbhinn XI a chumasú, agus an t-aistriú ó na cláir tacaíochta i gcomhair fíona dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX isteach i scéim na haoníocaíochta, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha maidir le rochtain ar íocaíochtaí,

maidir le socrú an mhéid agus maidir le líon na dteidlíochtaí atá le leithdháileadh nó méadú ar a luach, a ghlacadh."

(38) Leasaítear Airteagal 68 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(ii) de mhír 2:

"(ii) tá sé formheasta ag an gCoimisiún trí bhíthin gnímh tharmligthe gan an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 141c a bheith de chúnamh air"

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"7. D'fhonn úsáid éifeachtúil agus spriocdhírithe a bhaint as Cistí an Aontais agus d'fhonn maoiniú dúbailte a sheachaint faoi ionstraimí tacaíochta comhchosúla eile, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, na coinníollacha le haghaidh formheas ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 2(a)(ii) agus na coinníollacha chun an tacaíocht dá dtagraítear sa Chaibidil seo, rialacha maidir le comhsheasmhacht le bearta eile an Aontais agus maidir le carnú tacaíochta chomh maith le rialacha maidir le sainmhíniú beart tacaíochta aonair dá dtagraítear i mír 1, a ghlacadh."

(c) Scriostar an dara fomhír i mír 8.

(d) Cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

"9. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmlighthe, an méid seo a leanas:

(a) rialacha maidir le ríomh luacha gach teidlíochta íocaíochta arna fáil ag feirmeoir nach úinéir teidlíochta íocaíochta ar bith é agus atá ag cur isteach ar an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1(c), lena n-áirítear rialacha maidir le ríomh mhéadú an mhéid in aghaidh an heicteáir faoin scéim íocaíochta aonair limistéir dá dtagraítear in Airteagal 131(2);

(b) rialacha maidir le scriosadh meántáirgeachta bliantúla feirmeora a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 70(2) le haghaidh na tacaíochta dá dtagraítear i mír 1(d) den Airteagal seo, lena n-áirítear rialacha maidir leis an oibleagáid ar fheirmeoirí a bpolasaí árachais a chur i bhfios don mBallstát;

(c) an nós imeachta maidir le bearta arna ndéanamh de bhun mhír 1(a)(v) a mheasúnú agus a fhormheas.

10. De réir an chinnidh arna dhéanamh ag gach Ballstát de bhun na chéad fhomhíre de mhír 8, socróidh an Coimisiún, trí bhíthin gnímh tharmligthe, an uasteorainn chomhfhreagrach don tacaíocht sin."

(39) Leasaítear Airteagal 69 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 3:

"De réir an chinnidh arna dhéanamh ag gach Ballstát de bhun na chéad fhomhíre de mhír 1 maidir le méid na huasteorann náisiúnta atá le húsáid, socróidh an Coimisiún, trí bhíthin gnímh tharmligthe, an uasteorainn chomhfhreagrach don tacaíocht sin."

(b) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 4:

"Ar bhonn rogha arna déanamh ag gach Ballstát, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an uasteorainn dhomhanda chomhfhreagrach a shocrú don tacaíocht dá dtagraítear sa mhír seo."

(c) Leasaítear mír 6 mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) in Airteagal 68(1) trí mhéid atá le ríomh a úsáid i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo agus atá le socrú ag an gCoimisiún trí bhíthin gnímh chur chun feidhme; agus/nó"

(ii) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

"Ar bhonn rogha arna déanamh ag gach Ballstát, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an méid comhfhreagrach do na cistí dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír a shocrú."

(d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú fomhír de mhír 7:

"arna iarraidh sin do Bhallstát, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gnímh chur chun feidhme, na méideanna atá socraithe a leasú ar bhonn rialacha arna mbunú ag an gCoimisiún trí bhíthin gnímh den chineál céanna."

(40) Leasaítear Airteagal 71 mar seo a leanas:

(a) I mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Is é an Coimisiún a chinnfidh fad tréimhse íosta agus uasta na n-iasachtaí trachtála atá incháilithe do ranníocaíocht airgeadais mar aon lena foinse trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Féadfar go n-áireofar sna gníomhartha sin rialacha maidir le faisnéis a thabhairt ar an bpobal feirmeoireachta."

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

"10. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme an Airteagail seo faoi bhráid an Choimisiúin. Leagfaidh an Coimisiún amach foirm, ábhar, uainiú agus spriocdhátaí na tuarascála trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme."

(41) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 76:

"3. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir le comhéifeachtaí laghdaithe, lena n-áirítear an modh ríofa agus an dáta do shocrú na comhéifeachtaí sin, a ghlacadh."

(42) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas le Roinn 1 de Chaibidil 1 de Theideal IV:

"Airteagal 76a

**Cumhachtaí a tharmligean chuig an gCoimisiún**

D'fhonn a áirithiú go n-úsáidfear Cistí an Aontais ar bhealacha éifeachtúil agus spriocdhírithe agus go riarfar na scéimeanna sainiúla don bharr go héifeachtúil, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha maidir le limistéir íosta agus na rialacha sonracha i dtaca le barra a chur agus a shaothrú dá dtagraítear sa Roinn seo, a ghlacadh."

(43) Cuirtear na míreanna seo a leanas le hAirteagal 77:

"D'fhonn cur i bhfeidhm na scéimeanna sainiúla cabhrach don bharr a chumasú, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha maidir le coinníollacha i dtaca le deonú cabhrach d'fhásóirí prátaí stáirse , lena n-áirítear rialacha maidir le hincháilitheacht, leibhéal íosta praghais agus íocaíocht.

Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá a ghlacadh a bhaineann le híoc na cabhrach sin."

(44) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 80:

"Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá a ghlacadh a bhaineann leis an ábhar searbh i lúipíní cumhra a ríomh."

(45) In Airteagal 81, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

"2. I gcás ina sáraíonn an limistéar a n-éilítear préimh na mbarr próitéineach ina leith an limistéar ráthaithe uasta, laghdóidh an Coimisiún go comhréireach an t-achar in aghaidh an fheirmeora a n-éilítear préimh na mbarr próitéineach ina leith sa bhliain sin, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá maidir le comhéifeachtaí laghdaithe, lena n-áirítear an modh ríofa agus an dáta do shocrú na gcomhéifeachtaí sin, a ghlacadh."

3. I gcás, i gcomhréir le hAirteagal 67, ina gcinneann Ballstát préimh na mbarr próitéineach dá bhforáiltear sa Roinn seo a chomhtháthú i scéim na haoníocaíochta, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an limistéar ráthaithe uasta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a laghdú i gcomhréir le méid na mbarr próitéineach a chomhfhreagraíonn don Bhallstát in Iarscríbhinn XII.

D'fhonn a áirithiú go n-úsáidfear Cistí an Aontais ar bhealach éifeachtúil agus spriocdhírithe agus go riarfar go héifeachtúil na scéimeanna sainiúla don bharr, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, an méid seo a leanas:

(a) rialacha maidir leis na limistéir íosta agus rialacha sonracha i ndáil le cur agus saothrú na mbarr dá dtagraítear sa Roinn seo;

(b) rialacha maidir leis na coinníollacha i dtaca le deonú cabhrach do bharra próitéineacha, lena n-áirítear rialacha maidir le sainiú lúipíní cumhra agus incháilitheacht an mheascáin gránach agus barr próitéineach."

(46) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 84:

"Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá maidir le comhéifeachtaí laghdaithe, lena n-áirítear an modh ríofa agus an dáta do shocrú na gcomhéifeachtaí sin, a ghlacadh."

(47) Cuirtear na míreanna seo a leanas le hAirteagal 85:

"4. D'fhonn a áirithiú go n-úsáidfear Cistí an Aontais ar bhealach éifeachtúil agus spriocdhírithe agus go riarfar na scéimeanna sainiúla don bharr go héifeachtúil, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha maidir le limistéir íosta agus na rialacha sonracha i dtaca le barra a chur agus a shaothrú dá dtagraítear sa Roinn seo, a ghlacadh."

5. D'fhonn bainistíocht éifeachtúil na scéimeanna sainiúla don bharr a áirithiú, glacfaidh an Coimisiún, trí gníomhartha tarmligthe, rialacha ina leagtar síos coinníollacha incháilitheachta do dháileachtaí talmhaíochta ar a bhfuil crainn chnó curtha, rialacha lena sainítear an t-íosmhéid do phlásáin agus dlús íosta na gcrann agus rialacha maidir le hincháilitheacht cnónna le haghaidh cabhrach náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 86 agus Airteagal 120."

(48) Leasaítear Airteagal 87 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 3:

"Ní sháróidh an méid cabhrach le haghaidh síolta uasteorainn arna socrú ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme agus a chomhfhreagraíonn don chomhpháirt cabhrach le haghaidh síolta don speiceas lena mbaineann san uasteorainn náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 40 den Rialachán seo, mar atá socraithe i gcomhréir le hAirteagal 64(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 ("uasteorainn cabhrach le haghaidh síolta"). Mar sin féin, i gcás na mBallstát nua, comhfhreagróidh an uasteorainn cabhrach seo le haghaidh síolta do mhéideanna atá leagtha amach in Iarscríbhinn XIV den Rialachán seo."

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. D'fhonn sláinte phoiblí a chosaint, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, na cineálacha cnáibe (*Cannabis sativa L.*) a chinneadh a bhfuil an chabhair le haghaidh síolta dá bhforáiltear san Airteagal seo iníoctha ina leith."

(c) Cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

"5. D'fhonn cur i bhfeidhm scéimeanna sainiúla don bharr a chumasú, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, sainiú ar shíol bunúsach atá deimhnithe go hoifigiúil a leagan síos.

6. D'fhonn a áirithiú go n-úsáidfear Cistí an Aontais do chabhair le haghaidh síolta ar bhealach éifeachtúil agus spriocdhírithe, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, na coinníollacha maidir le táirgeadh, incháilitheacht chríochach agus margaíocht síolta a leagan síos.

7. D'fhonn a áirithiú go n-úsáidfear Cistí an Aontais ar bhealach éifeachtúil agus spriocdhírithe agus go riarfar na scéimeanna sainiúla don bharr go héifeachtúil, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha maidir le limistéir íosta agus na rialacha sonracha i dtaca le barra a chur agus a shaothrú dá dtagraítear sa Roinn seo, a ghlacadh."

8. D'fhonn liosta cineálacha cnáibe atá incháilithe d'íocaíochtaí díreacha a bhunú agus d'fhonn sláinte phoiblí a chosaint, déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha tarmligthe, rialacha a ghlacadh lena mbeidh deonú íocaíochtaí faoi réir úsáide síolta deimhnithe de chineálacha áirithe agus lena ndéantar foráil don nós imeachta chun cineálacha cnáibe dá dtagraítear i mír 4 d' Airteagal 87 a chinneadh."

9. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá maidir leis an bhfaisnéis ar gá do bhunaíochtaí síolta nó do phóraitheoirí a thíolacadh chun na teidlíochtaí cabhrach a sheiceáil."

(49) Leasaítear Airteagal 89 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Údaróidh na Ballstáit an talamh agus na cineálacha dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir leis na rialacha agus na coinníollacha dá dtagraítear i mír 3.

(b) Cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

"3. D'fhonn bainistíocht éifeachtúil na scéimeanna sainiúla don bharr a áirithiú, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha agus coinníollacha a ghlacadh maidir le talamh agus cineálacha a údarú chun críoch na híocaíochta i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis.

4. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh maidir leis an nós imeachta údaraithe agus na cumarsáidí leis na táirgeoirí i dtaca leis an údarú seo."

(50) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5 d'Airteagal 90:

"5. D'fhonn cur i bhfeidhm na scéimeanna sainiúla cabhrach don bharr a chumasú, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha maidir le coinníollacha i dtaca le deonú cabhrach do chadás, maidir leis na ceanglais incháilitheachta agus na cleachtais agranamaíocha.

Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, foráil a dhéanamh do rialacha maidir leis an laghdú a ríomh dá bhforáiltear i mír 4."

(51) Leasaítear Airteagal 91 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Déanfaidh na Ballstáit sna háiteanna ina bhfuil scilligeoirí bunaithe eagraíochtaí idircraoibhe a fhormheas a chomhlíonann na critéir dá dtagraítear i mír 3."

(b) Cuirtear an mír 3 seo a leanas leis:

"3. D'fhonn cur i bhfeidhm éifeachtúil na scéimeanna sainiúla don bharr a chumasú, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, na critéir maidir le heagraíochtaí idirchraoibhe a fhormheas agus oibleagáidí do tháirgeoirí. Ina theannta sin, bunóidh an Coimisiún rialacha maidir leis an staid nach n-urramaíonn eagraíocht idirchraoibhe formheasta na critéir sin."

(52) Cuirtear na míreanna seo a leanas le hAirteagal 97:

"5. D'fhonn cosaint chearta na bhfeirmeoirí a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, sainmhínithe sonracha a ghlacadh chun críoch na Roinne seo.

6. D'fhonn a áirithiú go n-úsáidfear Cistí an Aontais ar bhealach éifeachtúil agus spriocdhírithe le haghaidh íocaíochtaí idirthréimhseacha ar thorthaí agus ar ghlasraí, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, an méid seo a leanas a ghlacadh:

(a) na ceanglais don chonradh próiseála dá dtagraítear i mír 3;

(b) rialacha maidir le pionóis i gcás ina bhfaightear amach nár chomhlíon céad phróiseálaí formheasta nó bailitheoir formheasta na hoibleagáidí a leagtar síos sa Chaibidil seo nó na forálacha náisiúnta a ghlactar ar an mbonn sin, nó i gcás nach nglacann céad phróiseálaí formheasta nó bailitheoir formheasta na seiceálacha atá le feidhmiú ag na húdaráis inniúla nó nach n-éascaíonn sé na seiceálacha sin.

7. D'fhonn riaradh éifeachtúil na scéimeanna sainiúla don bharr a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha maidir le limistéir íosta agus na rialacha sonracha i dtaca le barra a chur agus a shaothrú dá dtagraítear sa Roinn seo, a ghlacadh.

8. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bearta is gá a ghlacadh maidir le formheas agus rialú céad phróiseálaithe agus bailitheoirí ag Ballstáit, foilsiú liosta na gcéad phróiseálaithe formheasta agus bailitheoirí formheasta ag Ballstáit, an méid táscach cabhrach atá le socrú ag na Ballstáit agus an bonn le méid na cabhrach."

(53) Cuirtear na míreanna seo a leanas le hAirteagal 98:

"7. D'fhonn cosaint chearta na bhfeirmeoirí a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, sainmhínithe sonracha a ghlacadh chun críoch na Roinne seo.

8. D'fhonn a áirithiú go n-úsáidfear Cistí an Aontais ar bhealach éifeachtúil agus spriocdhírithe le haghaidh íocaíochtaí idirthréimhseacha ar bhogthorthaí, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, an méid seo a leanas a ghlacadh:

(a) na ceanglais don chonradh próiseála dá dtagraítear i mír 2;

(b) rialacha maidir le pionóis i gcás ina bhfaightear amach nár chomhlíon céad phróiseálaí formheasta nó bailitheoir formheasta na hoibleagáidí a leagtar síos sa Chaibidil seo nó na forálacha náisiúnta a ghlactar ar an mbonn sin, nó i gcás nach nglacann céad phróiseálaí formheasta nó bailitheoir formheasta le na seiceálacha atá le feidhmiú ag na húdaráis inniúla nó nach n-éascaíonn siad na seiceálacha sin.

(c) rialacha maidir leis na limistéir íosta agus rialacha sonracha i ndáil le cur agus saothrú na mbarr dá dtagraítear sa Roinn seo.

9. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá a ghlacadh maidir le formheas agus rialú céad phróiseálaithe agus bailitheoirí ag Ballstáit, foilsiú liosta na gcéad phróiseálaithe formheasta agus bailitheoirí formheasta ag Ballstáit, an méid táscach cabhrach atá le socrú ag na Ballstáit agus an bonn le méid na cabhrach."

(54) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír d'Airteagal 101(2):

"Bunóidh an Coimisiún liosta na limistéar sin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh maidir le deimhniú agus fógairt na limistéar a chomhallann na critéir dá dtagraítear sa chéad fhomhír."

(55) Leasaítear Airteagal 103 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Íocfar préimheanna le feirmeoirí ar faighteoirí iad ar bhonn líon na mbaineannach caorach agus/nó na minseach arna gcoimeád ar a ngabháltas thar thréimhse íosta a chinnfidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh maidir le hiarratais agus dearbhuithe agus tuilleadh doiciméad atá le tíolacadh ag feirmeoirí, coinníollacha nach foláir do na hainmhithe a chomhlíonadh chun go ndeonfaí na híocaíochtaí ina leith agus an oibleagáid i dtaca le fardal feirmeoirí atá ag margú bainne caorach nó táirgí bainne caorach a tharraingt suas."

(b) Cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"3. D'fhonn bainistíocht cheart na cúltaisce náisiúnta a áirithiú agus cosaint chearta na dtairbhithe a ráthú, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, an méid seo a leanas a ghlacadh:

(a) rialacha maidir le húsáid, aistriú agus léasú sealadach na gceart íocaíochtaí in earnáil na caoireola agus na feola gabhair dá dtagraítear in Airteagal 52;

(b) rialacha maidir le rochtain ar íocaíochtaí in earnáil na caoireola agus na feola gabhair dá dtagraítear in Airteagal 52 i gcás feirmeoirí nach úinéirí na dtailte ar a bhfuil siad ag feirmeoireacht iad."

(56) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 104:

"5. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá a ghlacadh a bhaineann le teorainneacha aonair a ríomh agus líon na gceart a shlánú."

(57) Leasaítear Airteagal 105 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 2:

"Cé is moite de chásanna eisceachtúla, a bhfuil údar cuí leo, i gcás ina bhfuair feirmeoir cearta préimhe saor in aisce ón gcúltaisce náisiúnta, ní údarófar dó a chearta a aistriú nó a léasú go sealadach go ceann tréimhse trí bliana ón dáta ar a bhfuair sé na cearta sin."

(b) Cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

"5. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá a ghlacadh maidir le fógraí i dtaca le haistriú agus/nó léasú arna dtabhairt ag feirmeoir don údarás inniúil, socrú na huasteorann aonair, fógra a thabhairt do na feirmeoirí i gcás aistrithe nó i gcás léasú sealadach na gceart préimhe agus aistriú agus léasú sealadach tríd an gcúltaisce náisiúnta.

6. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá a ghlacadh a bhaineann le cearta préimhe nár úsáideadh a tharraingt siar agus a athleithdháileadh faoin Roinn seo."

(58) Leasaítear Airteagal 110 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 1:

"Féadfaidh na Ballstáit, ar chúiseanna riaracháin, foráil a dhéanamh i gcás iarratas ar chabhair ar íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 19, maidir leis an bpréimh speisialta, gur le haghaidh líon íosta ainmhithe a bheidh siad, ar an gcoinníoll nach mó ná trí an líon sin.

(b) I mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) aon ainmhí atá cumhdaithe faoi iarratas, coimeádfaidh an feirmeoir é lena ramhrú go ceann tréimhse a chinnfidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme;"

(c) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 4:

"Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá a ghlacadh maidir le méid na préimhe atá le deonú i gcás nach uimhir slán an líon ainmhithe incháilithe de thoradh an laghdú comhréireach dá dtagraítear sa chéad fhomhír á chur i bhfeidhm."

(d) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 5:

"Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh maidir le fógra ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún i dtaca leis na bearta arna nglacadh de bhun na chéad fhomhíre."

(e) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 6:

"Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta seo a leanas is gá maidir leis an bpréimh a dheonú tráth an mharaithe, lena n-áirítear forálacha maidir le haoisraonta, iarratais ar chabhair agus doiciméid ag gabháil leo, an tréimhse choinneála is gá ina leithéid de chás agus meáchan an chonablaigh a bhunú."

(f) Cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"9. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá maidir leis na hiarratais, deonú na préimhe le haghaidh ainmhithe nár cháiligh i ngeall ar an laghdú comhréireach dá bhforáiltear i mír 4 a chur i bhfeidhm, pasanna dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 agus doiciméid riaracháin náisiúnta dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3 den Airteagal seo, agus maidir le fógra a thabhairt don Choimisiún i gcás ina gcinneann na Ballstáit réigiúin dhifriúla a thabhairt isteach de réir bhrí Airteagal 109(a) den Rialachán seo nó réigiúin atá ann cheana a mhodhnú."

(59) Leasaítear Airteagal 111 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear na fomhíreanna seo a leanas le mír 1:

"Féadfaidh na Ballstáit, ar chúiseanna riaracháin, foráil a dhéanamh i gcás iarratas ar chabhair ar íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 19, maidir leis an bpréimh do bha diúil, gur le haghaidh líon íosta ainmhithe a bheidh siad, ar an gcoinníoll nach mó ná trí an uimhir sin.

Féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá a ghlacadh a bhaineann leis na hiarratais ar chabhair."

(b) Leasaítear mír 2 mar seo a leanas:

(i) Cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis an dara fomhír:

"Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an méid seo a leanas:

(a) na bearta is gá maidir leis an tréimhse choinneála 6 mhí dá dtagraítear sa dara fomhír agus an oibleagáid ar na mBallstáit fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an teorainn cháinníochtúil a athrú nó a tharscaoileadh;

(b) rialacha maidir leis an dáta atá le cur san áireamh chun an cuóta bainne aonair a chinneadh atá ar fáil chun cáiliú don phréimh do bha diúil ."

(ii) Cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

"Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá a ghlacadh a bhaineann leis an meántál bainne a ríomh."

(c) Leasaítear mír 5 mar seo a leanas:

(i) Cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas tar éis na chéad fhomhíre:

"Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá a ghlacadh a bhaineann le fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le coinníollacha breise don deontas."

(ii) Cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

"Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá maidir leis an méid seo a leanas:

(a) fógraí ó na Ballstáit maidir le coinníollacha breise i dtaca leis an bpréimh náisiúnta breise do bha diúil a dheonú, agus

(b) cinneadh ón gCoimisiúin atá le déanamh trí bhíthin gnímh chur chun feidhme gan chúnamh an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 141*c* maidir leis na Ballstáit a chomhlíonann na coinníollacha atá leagtha síos sa cheathrú fomhír."

(d) Cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

"7. D'fhonn bainistíocht cheart na scéime agus cosaint chearta na dtairbhithe a ráthú, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, an méid seo a leanas a ghlacadh:

(a) rialacha maidir le incháilitheacht bó de phór feola le haghaidh na préimhe do bha diúil dá dtagraítear in Airteagal 53(1);

(b) rialacha maidir le húsáid, aistriú agus léasú sealadach chearta na préimhe do bha diúil dá dtagraítear in Airteagal 53(1);

(c) rialacha maidir le rochtain ar an bpréimh do bha diúil dá dtagraítear in Airteagal 53(1) i gcás feirmeoirí nach úinéirí na dtailte ar a bhfuil siad ag feirmeoireacht iad;

(d) rialacha maidir le hincháilitheacht le haghaidh na préimhe náisiúnta breise do bha diúil dá bhforáiltear i mír 5 den Airteagal seo.

8. D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí na dtairbhithe, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha maidir le rochtain ar chearta préimhe le haghaidh na préimhe do bha diúil dá dtagraítear in Airteagal 53(1) a bhronnfaidh ag na cearta páirteacha."

(60) Leasaítear Airteagal 112 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 1:

Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá a ghlacadh a bhaineann leis an uasteorainn aonair in aghaidh gach feirmeora a chinneadh."

(b) Cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"6. Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, na bearta uile is gá a ghlacadh a bhaineann le líon na gceart páirteach a shlánú."

(61) Leasaítear Airteagal 113 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 2:

"Cé is moite de chásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, i gcás ina bhfuil cearta préimhe faighte ag feirmeoir saor in aisce ón gcúltaisce náisiúnta, ní údarófar é chun a chearta a aistriú agus/nó a léasú go sealadach i rith na dtrí bliana féilire ina dhiaidh sin."

(b) Cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"5. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) fógra ón bhfeirmeoir atá ag aistriú agus/nó ag léasú na gceart agus fógra ón bhfeirmeoir atá ag fáil na gceart chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéantar aistrithe agus/nó leasú sealadach na gceart préimhe,

(b) socrú na huasteorann aonair nua ag Ballstát agus fógra chuig an bhfeirmeoir i gcás aistrithe nó léasú sealadach na gceart préimhe,

(c) aistriú agus/nó léasú sealadach na gceart tríd an gcúltaisce náisiúnta."

(62) Cuirtear na míreanna seo a leanas le hAirteagal 115:

"3. D'fhonn cosaint chearta na dtairbhithe a ráthú, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha maidir le rochtain ar an scéim speisialta do bhodóga dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh feirmeoirí a mbeartaítear a dtréad bodóg a úsáid chun bólachtaí a athnuachan.

4. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) fógra á thabhairt don Choimisiún ag na Ballstáit gur bhain siad úsáid as an deis dá bhforáiltear i mír 1, maidir le sonraí lena gceadaítear a shuí gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos sa mhír sin, maidir leis an uasteorainn shonrach a chinn siad, maidir le modhnú na huasteorann sin agus na gcritéar arna nglacadh chun a áirithiú go n-íoctar an phréimh leis na feirmeoirí a mbeartaítear a dtréad bodóg a úsáid chun bólachtaí a athnuachan;

(b) an cinneadh ón gCoimisiún maidir leis na Ballstáit a chomhlíonann na coinníollacha atá leagtha síos i mír 1;

(c) méid na préimhe a dheonfar i gcás nach uimhir slán í líon na n-ainmhithe incháilithe i ngeall ar an laghdú comhréireach dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm;

(d) an líon íosta ainmhithe atá le coimeád;

(e) líon na n-ainmhithe a shlánú i gcás nach slánuimhir í toradh ríomh líon uasta na mbodóg mar chéatadán mar atá leagtha síos sa dara fomhír d'Airteagal 111(2);"

(63) Leasaítear Airteagal 116 mar seo a leanas:

(a) Leasaítear mír 1 mar seo a leanas:

(i) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Féadfaidh feirmeoir a choimeádann bó-ainmhithe ar a ghabháltas cáiliú, ar iarratas a dhéanamh chuige sin, le haghaidh préimhe maraithe. Deonófar í tráth mharú na n-ainmhithe incháilithe nó tráth a n-onnmhairithe go tríú tír agus laistigh de na huasteorainneacha náisiúnta a chinnfidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme."

(ii) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

"Beidh na hainmhithe arna liostú i bpointí (a) agus (b) den dara fomhír incháilithe le haghaidh na préimhe maraithe ar an gcoinníoll gur choimeád an feirmeoir iad ar feadh tréimhse a chinnfidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme."

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 3:

"Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na huasteorainneacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 1. Bunófar na huasteorainneacha sin in aghaidh gach Ballstáit agus ar leithligh i gcás an dá ghrúpa ainmhithe mar a shonraítear in (a) agus (b) den dara fomhír den mhír sin. Beidh gach uasteorainn comhionann le líon na n-ainmhithe in gach ceann den dá ghrúpa seo, a maraíodh, i 1995, sa Bhallstát i dtrácht. Maidir le líon na n-ainmhithe a onnmhairíodh go tríú tíortha, de réir shonraí Eurostat nó aon fhaisnéise staidrimh oifigiúla foilsithe don bhliain sin agus ar ghlac an Coimisiún léi, cuirfear le gach uasteorainn í."

(c) Cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

"5. D'fhonn úsáid éifeachtúil agus spriocdhírithe Chistí an Aontais a áirithiú, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha maidir leis an oibleagáid i dtaca le ráiteas rannpháirtíochta chun rochtain a fháil ar an bpréimh maraithe dá bhforáiltear san Airteagal seo.

6. D'fhonn cur i bhfeidhm na préimhe maraithe dá bhforáiltear san Airteagal seo a chumasú, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha maidir le hincháilitheacht conablach.

7. D'fhonn cosaint chearta na dtairbhithe a ráthú, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha maidir le méid na préimhe maraithe dá bhforáiltear san Airteagal seo a bhronnfar nuair atá líon na n-ainmhithe incháilithe níos lú ná slánuimhir."

(64) Leasaítear Airteagal 117 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Dá ainneoin sin, measfar go bhfuil ainmhí incháilithe le haghaidh na n-íocaíochtaí i gcás ina ndéantar an fhaisnéis atá leagtha síos sa dara fleasc d'Airteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 a thuairisciú don údarás inniúil ar an gcéad lá de thréimhse choinneála an ainmhí arna cinneadh ag an gCoimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidme."

(b) Cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

"Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

– na hiarratais ar phréimheanna agus na doiciméid atá le tíolacadh ag na feirmeoirí, cinneadh na dtréimhsí coinneála agus an nós imeachta is infheidhme maidir le hainmhithe a shainaithint agus a chlárú.

– an imeacht feidhme lena gcinntear an bhliain a leithdháiltear na hainmhithe di chun críche méid na préimhe is infheidhme a chinneadh agus lena gcuirtear i bhfeidhm an ráta cabhrach agus lena ríomhtar an laghdú comhréireach.

– cearta préimhe arna mbunú faoin Roinn seo agus nás úsáideadh a tharraingt siar agus a ath-leithdháileadh."

(65) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 119(1):

Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir le fad thréimhse na heisiata."

(66) Cuirtear na míreanna seo a leanas le hAirteagal 124:

"9. D'fhonn cur i bhfeidhm na scéime íocaíochta aonair limistéir dá dtagraítear sa Teideal seo a chumasú, cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, na limistéir talmhaíochta faoin scéim íocaíochta aonair limistéir, dá bhforáiltear i mír 1, agus íosmhéid an limistéir incháilithe in aghaidh gach gabháltais ar féidir íocaíochtaí a iarraidh ina leith ar leibhéal níos airde na 0.3 ha, dá bhforáiltear sa tríú fomhír de mhír 2.

10. D'fhonn liosta cineálacha cnáibe atá incháilithe d'íocaíochtaí díreacha a bhunú agus d'fhonn sláinte phoiblí a chosaint, déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha tarmligthe, rialacha a ghlacadh lena mbeidh deonú íocaíochtaí faoi réir úsáide síolta deimhnithe de chineálacha áirithe agus lena bhforáiltear don nós imeachta chun cineálacha cnáibe a chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 39."

(67) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 126:

"4. "Ar bhonn rogha arna déanamh ag gach Ballstát, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an uasteorainn chomhfhreagrach a shocrú don tacaíocht dá dtagraítear san Airteagal seo."

(68) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 127:

"3. "Ar bhonn rogha arna déanamh ag gach Ballstát, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an uasteorainn chomhfhreagrach a shocrú don tacaíocht dá dtagraítear san Airteagal seo."

(69) Leasaítear Airteagal 128 mar seo a leanas:

(a) I mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Sa chás seo agus laistigh den uasteorainn arna socrú ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann, ar bhonn bliantúil, íocaíocht bhreise le feirmeoirí."

(b) I mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Sa chás seo agus laistigh den uasteorainn arna socrú ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann, ar bhonn bliantúil, íocaíocht bhreise le feirmeoirí."

(70) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 129:

"4. "Ar bhonn rogha arna déanamh ag gach Ballstát, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an uasteorainn chomhfhreagrach a shocrú don tacaíocht dá dtagraítear san Airteagal seo."

(71) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 131(4):

"Leagfaidh an Coimisiún amach na méideanna dá dtagraítear i mír 1 trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme."

(72) Leasaítear Airteagal 132 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh i mír 2:

"Féadfaidh na Ballstáit, faoi réir údarú ón gCoimisiún trí bhíthin gnímh chur chur feidhme gan chúnamh an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 141c, aon íocaíochtaí díreacha a chomhlánú."

(b) Cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

"9. D'fhonn cur i bhfeidhm na n-íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha a chumasú, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rialacha chun críoch phointe (b) de mhír 7 maidir le coinníollacha i dtaca le cabhair a dheonú.

10. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá maidir leis an méid seo a leanas:

– i gcásanna ina sáródh na híocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha an t-uasleibhéal arna údarú ag an gCoimisiún.

– maidir le rialuithe"

(73) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 139:

"Mar sin féin, maidir leis na híocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha dá bhforáiltear in Airteagal 132 nach n-íoctar i gcomhréir leis an údarú ón gCoimisiún, measfar gur státchabhair neamhdhleathach iad de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle.*

* IO L 83, 27/3/1999, lch. 1."

(74) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 140:

"Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir le fógra á thabhairt don Choimisiún ag Ballstáit maidir le faisnéis, doiciméid, staidreamh agus tuarascálacha, chomh maith le spriocdhátaí agus modhanna fógartha na n-eilimintí sin."

(75) Scriostar Airteagal 141 agus Airteagal 142.

(76) Cuirtear na hAirteagail seo a leanas le Caibidil 1 de Theideal VII:

"Airteagal 141a

**Cumhachtaí an Choimisiúin**

I gcás ina dtugtar cumhachtaí don Choimisiún, gníomhóidh sé i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 141b i gcás gníomhartha tarmligthe agus i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 141c i gcás gníomhartha cur chun feidhme, ach amháin má fhoráiltear go sainráite a mhalairt sa Rialachán seo.

Airteagal 141b

## Gníomhartha tarmligthe

1. Déanfar na cumhachtaí chun na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa Rialachán seo a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse éiginnte ama.

A luaithe a ghlacann sé gníomh tarmligthe, fógróidh an Coimisiún amhlaidh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar comhuain.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear i mír 1 a chúlghairm.

Maidir leis an institiúid a mbeidh tús curtha aici le nós imeachta inmheánach d'fhonn a chinneadh an ndéanfar nó nach ndéanfar tarmligean na cumhachta a chúlghairm, féachfaidh sí chuige fógra ina leith sin a thabhairt don institiúid eile agus don Choimisiún laistigh de thréimhse réasúnach sula ndéanfar an cinneadh deireanach, agus luafaidh sí na cumhachtaí tarmligthe a d'fhéadfadh a bheith faoi réir cúlghairme agus na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an gcúlghairm sin.

Le cinneadh cúlghairme cuirfear deireadh le tarmligean na gcumhachtaí atá sonraithe sa chinneadh sin. Tiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm láithreach nó ar dháta níos déanaí arna shonrú ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin. Foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe laistigh de thréimhse dhá mhí ó dháta an fhógra. Ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle, déanfar an tréimhse sin a shíneadh ar feadh míosa amháin.

Más rud é, nuair a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse sin, nach ndearna Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid i gcoinne an ghnímh tharmligthe, foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an dáta arna shonrú inti.

Féadfar an gníomh tarmligthe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus féadfaidh sé teacht i bhfeidhm roimh dhul in éag don tréimhse sin, más rud é gur chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon an Coimisiún ar an eolas nach bhfuil sé ar intinn acu agóidí a dhéanamh.

Má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid in aghaidh gnímh tharmligthe, ní thiocfaidh sé i bhfeidhm. Luafaidh an institiúid a dhéanann agóid na cúiseanna atá aici agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe.

Airteagal 141c

## Gníomhartha cur chun feidhme – Coiste

[Le comhlánu tar éis an Rialachán lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta maidir le meicníochtaí rialaithe arna mbeartú in Airteagal 291(2) CFAE a ghlacadh, atá faoi chaibidil faoi láthair i PE agus sa Chomhairle.]

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [1 Eanáir 2012.]

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh [...],

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *The President* | *The President* |

| # RÁITEAS AIRGEADAIS | AGRI/I.1-D/440787_rev 1(MB/tm)<br>6.15.2010.1 |
|---|---|
| | DÁTA: 27/07/2010 |

| | | |
|---|---|---|
| 1. | CEANNTEIDEAL BUISÉID<br><br>05 03 Cabhracha díreacha | LEITHREASAÍ |
| 2. | TEIDEAL:<br><br>Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 lena mbunaítear comhrialacha maidir le scéimeanna tacaíochta dírí d'fheirmeoirí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna áirithe tacaíochta d'fheirmeoirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005, Rialachán (CE) Uimh. 247/2006, Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003. | |
| 3. | BUNÚS DLÍ<br>Airteagal 43 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) | |
| 4. | AIDHMEANNA:<br>Cumhachtaí chur chun feidhme an Choimisiúin i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle a chomhfhogasú leis an idirdhealú idir cumhachtaí tarmligthe agus cumhachtaí cur chun feidhme a tugadh isteach le hAirteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). | |

| | | TRÉIMHSE 12 MHÍ<br><br>(EUR milliún) | BLIAIN AIRGEADAIS REATHA 2010<br>(EUR milliún) | BLIAIN AIRGEADAIS INA DHIAIDH SIN 2011<br>(EUR milliún) |
|---|---|---|---|---|
| 5. | IMPLEACHTAÍ AIRGEADAIS | | | |
| 5.0 | CAITEACHAS<br>- ARNA MHUIREARÚ AR BHUISÉAD AN AE (AISÍOCAÍOCHTAÍ/IDIRGHABHÁLACHA)<br>- ÚDARÁIS NÁISIÚNTA<br>- EILE | - | - | - |
| 5.1 | IONCAM<br>- ACMHAINNÍ DÍLSE AN CE (TOBHAIGH/DLEACHTANNA CUSTAIM)<br>- NÁISIÚNTA | - | - | - |

| | | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| 5.0.1 | CAITEACHAS MEASTA | - | - | - | - |
| 5.1.1 | IONCAM MEASTA | - | - | - | - |

| | | |
|---|---|---|
| 5.2 | MODH RÍOFA<br>- | |
| 6.0 | AN FÉIDIR AN TIONSCADAL A MHAOINIÚ Ó LEITHREASAÍ A IONTRÁLADH SA CHAIBIDIL ÁBHARTHA DEN BHUISÉAD REATHA? | ~~IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR~~ |
| 6.1 | AN FÉIDIR AN TIONSCADAL A MHAOINIÚ TRÍ AISTRIÚ IDIR CAIBIDLÍ AN BHUISÉID REATHA? | ~~IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR~~ |
| 6.2 | AN mBEIDH GÁ LE BUISÉAD FORLÍONTACH? | ~~BEIDH/NÍ BHEIDH~~ |
| 6.3 | AN GÁ LEITHREASAÍ A IONTRÁIL I mBUISÉID SA TODHCHAÍ? | ~~IS GÁ/NÍ GÁ~~ |

BARÚLACHA:

Is é is aidhm don togra cumhachtaí an Choimisiúin a tugadh le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle a chomhfhogasú leis an idirdhealú idir cumhachtaí tarmligthe agus cumhachtaí cur chun feidhme a tugadh isteach le hAirteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Níl aon chaiteachas breise do bhuiséad an Chomhphobail i gceist leis seo.

Leis an togra seo tugtar isteach freisin simpliú i réimse an tras-chomhlíonta lena bhféadfaidh na Ballstáit gan a cheangal ar fheirmeoirí na dáileachtaí talmhaíochta le limistéar iomlán níos lú na heicteár amháin a dhearbhú. Ní féidir impleachtaí

| |
|---|
| airgeadais an togra seo a chainníochtú. |